

Uimhirnaisc a Thaispeáint



Gné den Mhata	Uimhreas – uimhirnaisc <i>Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht</i>
Próisis	Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil <ul style="list-style-type: none">teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibreobair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí Réasúnú Matamaiticiúil <ul style="list-style-type: none">patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh
Teanga agus Téarmaíocht	léirigh, taispeáin, uimhreacha go 100, sprioc, uimhirnaisc
Áiseanna	ábhair phraiticiúla, bataí Cuisenaire, meáchain, cláir bhána, Uirlis Cuisenaire Mol Mata





Cur síos ar an Ghníomhaíocht

Tugann na daltaí faoin tasc i mbeirteanna.

1 Gníomhaíocht 1

Úsáideann daltaí ábhair phraiticiúla/láimhseoga digiteacha le spriocanna éagsúla a léiriú. Mar shampla, boinn le hairgead a dhéanamh, amhail 20p, bataí Cuisenaire le 50 a léiriú, Bonn 10 le 100 a léiriú, meáchain le 1 kg a léiriú. Pléann an rang é seo le smaointe agus torthaí a roinnt.

2 Gníomhaíocht 2

Leasaigh uimhirnaisc i réimse comhthéacsanna. Tabhair uimhir thargaide do na daltaí agus spreag iad leis an oiread dóigheanna agus is féidir leis an uimhir seo a bhaint amach a thaispeáint. Mar shampla, 10, 20, 50 nó 100. Déan é seo mar ghníomhaíocht ranga, áit a gcomhoibríonn an múinteoir agus na daltaí lena sprioc-chlár 'taispeáin dom' a chruthú.

3 Gníomhaíocht 3

I mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcuid sprioc-chlár 'taispeáin dom' taobh istigh de raon uimhreacha ar leith. Ansin, fiosraíonn siad na huimhirnaisc éagsúla/ríomhanna suimithe le spriocanna ar leith a bhaint amach (is féidir an múinteoir nó na daltaí iad féin na spriocanna a shocrú). Ansin, malartaíonn na beirteanna na sprioc-chláir le fiosrúcháin níos mó a dhéanamh agus le níos mó patrún agus réiteach a shainithint.





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none">Cad é a shuimím le _____ le 20, 50, 100 a dhéanamh?Cá mhéad dóigh a ndearna tú ____?	<ul style="list-style-type: none">Cad é a thug tú faoi deara maidir leis na huimhreacha seo?Cad é a fuair tú amach ó do sprioc-chlár?Cad iad na spriocanna is féidir liom a dhéanamh ó na huimhreacha?Cad iad na dóigheanna eile leis an sprioc seo a dhéanamh?Déan cur síos ar cad é mar a bhain tú an sprioc amach.

Difreáil

Socraigh uimhreacha úsáidte agus spriocanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealáochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

